TG4

# Eagarthóir / Léiritheoir Oideachais

**Conradh Buan**

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ar an bpost, Eagarthóir / Léiritheoir Oideachais. Beidh an té a cheapfar freagrach as ábhar oideachais TG4 agus suíomh Foghlaim TG4 a fhorbairt. Sa Cheannáras i mBaile na hAbhann a bheidh an post seo lonnaithe, ach tá socruithe oibre solúbtha ar fáil chomh maith. Beidh an té a cheapfar freagrach don Stiúrthóir Margaíochta, Forbartha agus Comhpháirtíochtaí.

Is fostóir comhionannas deiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá dearcadh dearfach ag TG4 i leith na hÉagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu.

**Cúraimí**
Beidh an té a cheapfar freagrach as ábhar oideachais TG4 agus suíomh Foghlaim TG4 a fhorbairt, chomh maith le hoibriú le comhpháirtithe oideachais chun ábhar TG4 a chuir in oiriúint d'fhoghlaimeoirí.

**I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, beidh:**

- Feidhmiú i d'Eagarthóir ar shuíomh TG4 Foghlaim.
- Ábhar TG4 a chur in oiriúint d'fhoghlaimeoirí
- Ábhar nua agus cur chuige oideachais TG4 a fhorbairt
- Feasacht a mhúscailt ar ábhar oideachais TG4 trí phoiblíocht agus na hardáin shóisialta
- Ceangal a chothú le Comhpháirtithe Oideachais TG4
- Úsáid ardáin TG4 a éascú d'fhoghlaimeoirí agus ceangal a chothú leo
- A bheith i do mheantóir ag intéirneach Oideachas TG4
- Aon dualgais bhailí eile a iarrann Bainisteoir, Stiúrthóir na Rannóige nó an tArd-Stiúrthóir ort a chomhlíonadh.

Tabhair ar aird: Is treoir atá sa sainchuntas poist seo maidir le réimsí éagsúla freagrachta agus cuntasachta agus níor cheart breathnú air mar liosta cuimsitheach. D'fhéadfadh an sainchuntas poist a bheith faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise struchtúir nua agus / nó athrú a bheith ag teacht ar riachtanais TG4.

Bíonn tionscal na teilifíse ag síorathrú. Glacann TG4 go fonnmhar leis na hathruithe seo agus athróidh an comhlacht agus dualgais na foirne dá réir.

**Nithe atá riachtanach don phost seo:**

- A bheith tiomanta d'Fhís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.
- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.
- Saintaithí oideachais agus eolas ar an gcuraclam teagaisc atá in úsáid i scoileanna ag an mbunleibhéal agus ag an meánleibhéal.
- Eolas agus tuiscint ar an bpobal foghlaimeoirí a bhaineann úsáid as ábhar TG4
- Súil mhaith eagarthóireachta maidir le hábhar físe agus acmhainní teagaisc a chruthú.
- Fócas dearfach, bealach maith le daoine agus ábalta ceangal a chothú le heagrais sheachtracha.
- Sárthuiscint ar na féidearthachtaí a bhaineann leis na meáin shóisialta, le YouTube agus leis na hardáin dhigiteacha chun lucht féachana a aimsiú.
- Taithí mhaith ar chúrsaí riaracháin agus ríomhaireachta (ardtuiscint ar Excel, MS Office agus ábalta córais nua a fhoghlaim go tapa).
- Ábalta feidhmiú go muiníneach agus go héifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil.
- Ábalta spriocanna oibre a chomhlíonadh agus a chinntiú go mbeidh ábhar, a bheidh ar ardchaighdeán, réidh agus ar fáil in am.

**Tá an méid seo a leanas inmhianaithe maidir le hiarrthóirí:**

- Taithí i ról meantóireachta/bainistíochta ina raibh intéirneach nó ball foirne níos sóisearaí san eagraíocht faoi do chúram

Beidh an tuarastal de réir cháilíocht agus thaithí an té a roghnófar.

**5pm Dé Luain an 13 Aibreán 2026** an spriocdháta d'iarratais.  Seol CV mar aon le litir iarratais ina leagtar amach an fhís a bheadh agat do cur chuige Oideachais TG4 chuig: **cv@tg4.ie**

Tá polasaí oibre solúbtha i bhfeidhm i TG4. Is fostóir comhionannas deiseanna é TG4. Tacaíonn TG4 le daoine faoi mhíchumas a fhostú.

**Eolas Breise don Iarratasóir**

**Grád an Phoist:**

Grád 4

**Uaireanta Oibre:**

39 uair sa tseachtain. Mar gheall ar riachtanais an phoist, táthar ag súil go mbeifí solúbtha ó am go ham, lena n-áirítear a bheith sásta oibriú, nuair atá gá leis, lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**

Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:**

Beidh taisteal i gceist ó am go chéile mar chuid den ról, in Éirinn agus thar lear.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |